

The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended
31 December 2009

An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dár críoch
31 Nollaig 2009

Tha Boord o Leid
An Acoont o tha Darg
for the year hinmaist
31 Decemmer 2009

Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
+353 (0)1 6398400

www.gaeilge.ie
eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
+44 (0)28 9089 0970

The Ulster-Scots Agency
68-72 Great Victoria Street
Belfast
BT2 7BB
+44 (0)28 9023 1113

www.ulsterscotsagency.com
info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
The Moffatt Building
The Diamond
Raphoe
Co. Donegal
+353 (0)74 9173876

The North / South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended
31 December 2009

An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus
Cuntais don bhliain dár
chríoch 31 Nollaig 2009

Tha Boord o Leid
An Acoont o tha Darg
for the year hinmaist 2009

The Language Body is a North/South Implementation Body sponsored by the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht Affairs (DAHG) and the Department of Culture, Arts and Leisure (DCAL). It was established on the 2nd December 1999 under the British-Irish Agreement establishing implementation bodies, which is underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-Ireland basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

Further information and Board Minutes available on the websites of the two agencies.

www.gaeilge.ie
www.ulsterscotsagency.com

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileánda. Is é príomhfheidhm Tha Boord o Ulstèr-Scotch eolas níos fearr faoi Ultais agus úsáid Ultaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Tá breis eolais agus Miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh ghréasáin an dá ghníomhaireacht:

www.gaeilge.ie
www.ulsterscotsagency.com

Contents

Board Members of The Language Body	4
Joint Introduction	5
Report of Foras na Gaeilge	6
Report of Tha Boord o Ulstèr-Scotch	45
Financial Statements	63

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	4
Comhréamhrá	5
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	6
Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch	45
Ráitis Airgeadais	63

Board Members of The Language Body

Joint Chairpersons	**Mark Thompson***
	Liam Ó Maoilmhichíl
Board Members	**Dr Ian Adamson***
	Áine Andrews
	Lucilita Bhreatnach
	Séanna Breathnach
	Dr Aileen Douglas*
	Peadar Ó Gallchóir (appointed 9 July 2009) ‡
	Angela Graham*
	Norman Henry
	William Humphrey*
	Liam Kennedy
	Éamonn Kinch
	William Leathem*
	Eoghan Mac Cormaic
	Marcus Mac Ruairí
	Adelaide Nic Chárthaigh
	Mairéad Nic Ghiolla Mhichíl
	Caoilfhionn Nic Pháidín
	Pádhraic Ó Biadha
	Dónal Ó Béarra
	Diarmuid Ó Murchú
	Jacqui Reed*
	Dr William Roulston*

** denotes membership of Tha Boord O Ulstèr-Scotch; unmarked denotes membership of the Board of Foras na Gaeilge*

‡ Máire Gallagher resigned on 31 December 2008

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Comh-Chathaoirligh	**Mark Thompson***
	Liam Ó Maoilmhichíl
Comhaltaí Boird	**Dr Ian Adamson***
	Áine Andrews
	Lucilita Bhreatnach
	Séanna Breathnach
	Dr Aileen Douglas*
	Peadar Ó Gallchóir (Ceapadh ar an 9 Iúil 2009) ‡
	Angela Graham*
	Norman Henry
	William Humphrey*
	Liam Kennedy
	Éamonn Kinch
	William Leathem*
	Eoghan Mac Cormaic
	Marcus Mac Ruairí
	Adelaide Nic Chárthaigh
	Mairéad Nic Ghiolla Mhichíl
	Caoilfhionn Nic Pháidín
	Pádhraic Ó Biadha
	Dónal Ó Béarra
	Diarmuid Ó Murchú
	Jacqui Reed*
	Dr William Roulston*

** Léiríonn an réiltín ballraíocht de Tha Boord O Ulstèr-Scotch; baill de Bhord Fhoras na Gaeilge is ea na hainmneacha gan réiltín*

‡ D'éirigh Máire Gallagher as ar 31 Nollaig 2008

A Thegither Forethocht
Joint Introduction
Comhréamhrá

2009 was yet another highly successful year for the North / South Language Body. The Ulster Scots Agency made the promotion of Ulster-Scots heritage, culture and language to new audiences at home and abroad a top priority and continued to develop their communication channels. The Agency supported an extensive range of community activities in venues across the nine counties of Ulster, including over 100 letters of offer for tuition in music and dance, as well as 36 Ulster-Scots Festivals and 58 Summer Schools.

2009 proved to be another productive year for Foras na Gaeilge also. The Board focused their attention on gaining both value for money and fairness, while undertaking the rationalisation of the core funded sector and established a new Committee, the Development Committee, in order to facilitate this. The Irish Government also published their Draft 20-year Strategy for the Irish Language, reaffirming the central statutory role which Foras na Gaeilge has in promoting the Irish language on an all-island basis.

The positive relations between the Ulster-Scots Agency and Foras na Gaeilge continued to be displayed through their co-operation on various projects throughout the year. These projects are described in detail in both the Ulster Scots report and the Foras na Gaeilge report which follow.

Tom Scott
CHAIRMAN
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Liam Ó Maolmhichíl
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

A Thegither Forethocht
Joint Introduction
Comhréamhrá

Bliain an-torthúil eile a bhí in 2009 fad is a bhain leis an bhForas Teanga. Thug Tha Boord o Ulstèr Scotch tús áite do chur chun cinn oidhreacht, cultúr agus teanga na nUltach-Albanach ag baile agus thar lear agus lean siad orthu ag cothú bealaí cumarsáide nua dóibh fein. Thacaigh an Ghníomhaireacht le raon fairsing gníomhaíochtaí pobail in ionaid fud fad na naoi gcontae in Uladh. Eisíodh breis is 100 litir tairisceana do theagasc ceoil agus rince agus do 36 cinn d'Fhéilte agus de Scoileanna Samhraidh.

An-bhliain a bhí in 2009 d'Fhoras na Gaeilge chomh maith. Dhírigh Bord an eagrais ar cheisteanna luach ar airgead agus cothroime le linn dóibh plé le cuíchóiriú na hearnála bunmhaoinithe agus bunaíodh Coiste ar leith, an Coiste Forbartha, chuige seo. D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an *Dréachtstraitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* inar athdheimhníodh ról lárnach, statúideach Fhoras na Gaeilge i gcur chun cinn na Gaeilge ar bhonn uile-oileánda.

Léirigh Tha Boord o Ulstèr Scotch agus Foras na Gaeilge an dea-ghaol atá acu lena chéile tríd an gcomhoibriú ar thionscadail éagsúla le linn na bliana. Tá cur síos ar na comhthionscadail seo sna tuairiscí inár ndiaidh ó Tha Boord o Ulstèr Scotch agus ó Fhoras na Gaeilge.

Tom Scott
CHAIRMAN
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Liam Ó Maolmhichíl
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Tuairisc Fhoras na Gaeilge 2009

Report of Foras na Gaeilge 2009



Contents

Chairperson’s introduction	8
Status	9
Acquisition	21
Usage	26
Communication	37
Policy, Planning and Research	40

Clár

Réamhrá an Chathaoirligh	8
Stádas	9
Sealbhú	21
Úsáid	26
Cumarsáid	37
Polasaí, Pleanáil & Taighde	40

Chairperson's Introduction

I am delighted to present the 2009 Annual Report of Foras na Gaeilge to the public. The current Board have been operating since 13 December 2007 and I have also been Chairperson since then. Among the main Committees we had for the Board were : The Grants Committee; The Audit Committee; The Policy and Planning Committee; The Newspapers and Magazines Committee; The Appeals Committee.

Because the Board felt that it was necessary to pay particular attention to the rationalisation of the core funded sector, another Committee, the Development Committee, was set up in the middle of the year for that purpose. Foras na Gaeilge believes that there are opportunities for the Irish language organisations – ourselves included – to co-operate with one another and co-ordinate work to a greater extent than is the case at present. It is worthwhile reviewing the wider context as opposed to the organisational context at regular intervals to identify whatever opportunities might have arisen and to avail of them together. The decision of the North / South Ministerial Council in December in respect of the rationalisation of the core funded sector has added urgency to his work.

Another important matter, with implications for us, is the 20 Year Draft Strategy which the Irish Government published. The draft is being discussed at present, but this document reaffirmed the central statutory role which Foras na Gaeilge has in promoting the language on an all-island basis. Foras na Gaeilge gave a presentation to a Dáil Committee which was discussing the implications of the Draft Strategy. Foras na Gaeilge confirmed that we are looking forward to co-operating with the other stakeholders to implement the strategy once it has been approved by the Government.

Liam Ó Maoilmhichíl
Chairperson
Foras na Gaeilge

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2009 Fhoras na Gaeilge a chur i láthair don phobal. Tá an Bord reatha ag feidhmiú ó 13 Nollaig 2007 agus is mise an Cathaoirleach ó shin chomh maith. Ar na príomh-Choistí a bhí againn chun obair an Bhoird a chur chun cinn bhí: Coiste na nDeontas; An Coiste Inúchta; An Coiste Polasaí agus Pleanála; An Coiste Nuachtán agus Irisí agus; An Coiste Achomhairc.

De bharr gur bhraith an Bord gur ghá aird ar leith a thabhairt ar chuíchóiriú na hearnála bunmhaoinithe, bunaíodh Coiste eile chuige sin, An Coiste Forbartha, i lár na bliana. Creideann Foras na Gaeilge go bhfuil deiseanna ann do na heagrais Ghaeilge – sinne san áireamh – a bheith ag comhoibriú le chéile agus ag comhordú a gcuid oibre ar bhealach níos cuimsithí ná mar atá á dhéanamh faoi láthair. Is fiú athbhreithniú a dhéanamh go trathrialta ar an gcomhthéacs níos leithne seachas an comhthéacs eagraíochtúil chun pé deiseanna a d'fhéadfadh a bheith tagtha chun chinn a atihint agus iad a thapú i dteannta a chéile. Chuir cinneadh na Comhairle Aireacht Thuaidh/Theas i mí na Nollag maidir le cuíchóiriú na hearnála bunmhaoinithe dlús leis an obair seo.

Scéal mór eile a bhfuil impleachtaí ann dúinn ná Dréachtstraitéis 20 Bliain a d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann. Tá an dréacht á phlé faoi láthair, ach d'athdheimhnigh an cháipéis seo an ról lárnach statúideach atá ag Foras na Gaeilge i gcur chun cinn na teanga ar bhonn uile-oileánda. Rinne Foras na Gaeilge cur i láthair do Chomchoiste Dála a bhí ag plé impleachtaí na Dréachtstraitéise. Dhearbhaigh Foras na Gaeilge go bhfuilimid ag súil le comhoibriú leis an páirtithe leasmhara eile chun an Straitéis a fheidhmiú nuair a bheidh sí faofa ag an Rialtas.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge

Status

Objective: To raise the Status of the Irish Language

The Public Sector

The Official Languages Act 2003
Foras na Gaeilge continued the pioneering and challenging work of developing new initiatives to support the public sector in implementing the Official Languages Act 2003 in co-operation with the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht, Údarás na Gaeltachta, an Coiste Téarmaíochta, the Translation Section, the Gúm, Fónamh, Focal.ie, Acmhainn.ie and Nideog. Among the initiatives was the development of the system of accreditation for Translators, the development of resources and aids such as translation memories, a helpline for the public sector, an online course for translators and training workshops to develop editing in co-operation with Aistear. To date, training courses have been provided for more than 1,000 translators since the system was implemented.
There is an account of the practical aspects of most of this work in that part of this Report which discusses 'Usage' as it is practical work which concerns the use of the Irish language and attention must be drawn to the important status implications here to explain the importance of the work and to consider the wider status context.

The Arts – Drama Companies

Aisling Ghéar
Aisling Ghéar is the only professional theatre company in Northern Ireland that works full time to provide first class productions in Irish. During its 12 year lifetime, 30 productions have been produced and taken on tour and throughout the same period, the company has co-operated with eight authors to bring eight original dramas to the stage.
Since the company was set up in 1997, high quality works by dramatists as varied as Samuel Beckett, Eoghan Ó Tuairisc, JM Synge, Brian Friel, Dario Fo, Sean O'Casey, Willy Russell and Marie Jones, have been produced and taken on tour.
The production of Dave Duggan's 'Gruagairí' is the latest example of the company's commitment to newly written works. Dave Duggan was presented with the Irish Language Award at the Stewart Parker Awards.
Aisling Ghéar's continued aim is to increase accessibility to their work and to enhance the experience of the customer, and, to that end, in 2001, they made significant investment in simultaneous translation equipment. They are now glad to be able to provide that service free of charge and by means of personal head sets.
2009 was a busy year for the company –

- 3 Irish productions were developed, produced and taken on tour;
- There were 57 productions and 65% of all the tickets available sold;
- 33 people were employed;
- A ticket sales service was set up on our website;
- A Facebook page was set up;
- Arrangements were made to attend the Milwaukee Irishfest;

Stádas

Cuspóir: Stádas na Gaeilge a mhéadú

An Earnáil Phoiblí

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
Lean Foras na Gaeilge den obair cheannródaíoch agus dúshlánach, ag forbairt tionscnamh nua chun tacú leis an earnáil phoiblí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, An Coiste Téarmaíochta, Rannóg an Aistriúcháin, An Gúm, Fónamh, Ling, Focal.ie, Acmhainn.ie agus Nideog. I measc na dtionscnamh bhí forbairt ar an gcóras creidiúnaithe d'Aistritheoirí, forbairt acmhainní agus áiseanna ar nós cuimhní aistriúcháin, líne chabhrach don earnáil phoiblí, cúrsa ar líne d'aistritheoirí agus ceardlanna oiliúna d'eagarthóireachta a fhorbairt i gcomhar le hAistear. Go dáta, cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do bhreis is 1,000 aistritheoir ó cuireadh an córas i bhfeidhm.
Tá cur síos ar na gnéithe praiticiúla d'fhormhór na hoibre seo sa chuid sin de Tuarascáil seo a phléann 'Usáid' mar is obair phraiticiúil í a bhaineann le húsáid na Gaeilge ach ní mór aird a tharraingt ar na himpleachtaí móra stádais anseo chun tábhacht na hoibre a mhíniú agus an comhthéacs níos leithne stádais a mheabhrú.

Na hEalaíona - Complachtaí Drámaíochta

Aisling Ghéar
Is í Aisling Ghéar an t-aon chompántas proifisiúnta amharclainne i dTuaisceart Éireann a bhíonn ag saothrú go lánaimseartha chun scoth na léirithe a chur ar fáil i nGaeilge. Le linn a 12 bliain ar an saol, léiríodh agus tugadh ar chamchuairt 30 léiriú agus i rith na tréimhse céanna, chomhoibrigh an compántas le hochtar údar chun ocht gcinn de dhrámaí úrnua a thabhairt chun stáitse.
Ó bunaíodh an compántas in 1997, léiríodh agus tugadh ar camchuairt saothair d'ardchaighdeán ó dhrámadóirí chomh héagsúil lena chéile agus Samuel Beckett, Eoghan Ó Tuairisc, JM Synge, Brian Friel, Dario Fo, Sean O'Casey, Willy Russell agus Marie Jones.
Léiriú 'Gruagairí' Dave Duggan an toradh is déanaí ar thiomantas an chompántais don saothar nuascríofa. Bronnadh Gradam na Gaeilge ar Dave Duggan ag Gradaim Stewart Parker.
Tá sé mar aidhm ag Aisling Ghéar i gcónaí cur le rochtain ar a gcuid oibre agus cur le heispéireas an chustaiméara, agus chuige sin, in 2001, rinne siad infheistíocht shuntasach i dtrealamh aistriúcháin chomhuainigh. Ábhar áthais dóibh anois a bheith in ann an tseirbhís sin a chur ar fáil saor in aisce agus trí mheán gléasanna cinn pearsanta.
Bliain ghnóthach don chompántas a bhí in 2009 –

Forbraíodh, léiríodh agus tugadh ar camchuairt 3 léiriú Gaeilge;
Rinneadh 57 léiriú agus díoladh 65% d'iomlán na dticéad a bhí ar fáil;
Fostaíodh 33 duine;
Cuireadh seirbhís díolta ticéad ar bun ar ár láithreán gréasáin;
Cuireadh leathanach Facebook ar bun;

Plans were developed to commission an Irish Children's Show (age group 5 – 10);
As part of Continuing Professional Development, the Art Director and the General Manager attended two courses: Strategic Planning and The Leadership Programme for Cultural Skills;
Our part-time administrative assistant was supported by means of an NVQ course;
Plans were developed to host a convention in 2010 on the future of Irish language theatre.

Every year, almost 5,000 pupils attend the renowned production of 'An Triail' by Mairéad Ní Ghráda. The lunch time show, 'Uaigneas an Ghleanna' (August 2009) took advantage of the increase in the number of visitors to the area during the West Belfast Community Festival – Féile an Phobail. More than 1,500 people saw the production of 'An Béal Bocht' in November 2009.

Ababú
Ababú is going from strength to strength for the past nine years as an educational theatre company for young children. They provide dramas in which there are puppets, storytellers and actors for the Irish language nursery schools and primary schools, mainly in Ulster. They produced 'An Fathach Uaigneach' in the Cultúrlann in Belfast in 2009 and it was a great success. They go on tours every year to the Irish language and English language schools in the north and in the south also. 'An Dá Luchóg' went on tour and was enjoyed. More than 5,000 saw the two productions.

Salamander Radio Productions
Salamander produced two radio dramas in co-operation with RTÉ Raidió na Gaeltachta and the BCI – 'Coinneáil Orainn' and 'An Braon Anuas.'
Darach Ó Scolaí wrote and directed these and the production manager was Danny Brown. Among the actors / actresses who took part were Macdara Ó Fátharta, Bríd Ní Neachtain, Peadar Ó Treasaigh, Pádraic Ó Tuairisc, Darach Ó Dubháin and Caitlín Uí Chonghaile.

An tSeanbhróg
The drama 'An tSeanbhróg' by Darach Ó Scolaí went on stage in the Project Arts Centre in Dublin from 20 – 24 October 2009; and in the RCC Letterkenny (during Oireachtas na Gaeilge) from 28 – 31 October 2009. More than 350 people attended the drama in Dublin and more than 400 people attended the drama in Letterkenny.

Darach Mac Con Iomaire directed the drama and Laura Ní Cheallaigh was production manager. The actors were Marcus Lamb, Eoin Geoghegan and Seán Ó Meallaigh.

The Axis Arts Centre – Borradh Buan 2009
Borradh Buan is a cultural festival for the public of Dublin and the surrounding area. The Irish language and its culture are emphasised. Axis provides a stage for all those drama companies who operate through the medium of Irish and whose aim is to have a range of events which would suit various levels of language ability, for example for those who are fluent and for those who have only a little Irish.

Borradh Buan – the mini arts festival – was held from 12 – 24 October 2009 in the Axis for the sixth consecutive year. There was a very good attendance at a wide range of events for a fortnight – music, storytelling, juggling, dance and puppet occasions, including art workshops. Schools came from Ballymun, from other areas of Dublin and from three other counties –

Forbraíodh pleananna chun freastal ar Irishfest Milwaukee;
Forbraíodh pleananna chun Seó Gaeilge Páistí (aoisghrúpa 5-10) a choimisiúnú;
Mar chuid d'Fhorbairt Leanúnach Phroifisiúnta, d'fhreastail an Stiúrthóir Ealaíne agus an Bainisteoir Ginearálta ar dhá chúrsa: Pleanáil Straitéiseach agus An Clár Ceannaireachta um Scileanna Cultúrtha;
Tugadh tacaíocht dár gcúntóir páirtaimseartha riaracháin trí chúrsa NVQ; Forbraíodh pleananna chun comhdháil ar thodhchaí na hamharclainne
Gaeilge a óstáil in 2010.

Gach bliain, freastalaíonn beagnach 5,000 dalta ar léiriú mórchlú de 'An Triail' le Máiréad Ní Ghráda. An seó am lóin, 'Uaigneas an Ghleanna' (Lúnasa 2009), bhain sé buntáiste as an mhéadú ar líon na gcuairteoirí chuig an ceantar le linn Fhéile an Phobail. Chonaic níos mó na 1,500 duine léiriú de 'An Béal Bocht' i Samhain 2009.

Ababú
Tá Ababú ag dul ó neart go neart le naoi mbliana anuas mar chompántas amharclainne oideachasúil do pháistí óga. Tá siad ag cur drámaí, ina bhfuil puipéid, scéalaithe agus aisteoirí, ar fáil do na naíscoileanna agus dona bunscoileanna Gaeilge, go príomha i gCúige Uladh.
Léirigh siad i 2009 'An Fathach Uaigneach' sa Chultúrlann i mBéal Feirste agus d'eirigh go mór leis. Téann siad ar camchuairteanna gach bliain chuig na scoileanna Gaeilge agus Béarla ó thuaidh agus ó dheas freisin. Chuaigh 'An Dá Luchóg' ar camchuairt agus baineadh sult as. Chonaic os cionn 5,000 duine an dá léiriú.

Salamandar
Léirithe Raidió
Léirigh Salamandar dhá dhráma raidió i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus an BCI – 'Coinneáil Orainn' agus 'An Braon Aníos.' Is é Darach Ó Scolaí a scríobh agus a stiúraigh, agus is é Danny Brown a bhí ina bhainisteoir léirithe. Ar na haisteoirí a bhí páirteach bhí Macdara Ó Fátharta, Bríd Ní Neachtain, Peadar Ó Treasaigh, Pádraic Ó Tuairisc, Darach Ó Dubháin, agus Caitlín Ui Chonghaile.

An tSeanbhróg
Cuireadh an dráma 'An tSeanbhróg' le Darach Ó Scolaí ar stáitse sa Project Arts Centre i mBÁC ón 20–24 Deireadh Fómhair 2009; agus sa RCC Leitir Ceanainn (le linn Oireachtas na Gaeilge) ón 28–31 Deireadh Fómhair 2009. D'fhreastail os cionn 350 duine ar an dráma i mBaile Átha Cliath agus d'fhreastail os cionn 400 duine ar an dráma i Leitir Ceanainn.

Is é Darach Mac Con Iomaire a stiúraigh an dráma, agus is í Laura Ní Cheallaigh a bhí ina bainisteoir léirithe. Is iad Marcus Lamb, Eoin Geoghegan agus Seán Ó Meallaigh a bhí i mbun aisteoireachta.

An tIonad Ealaíon Axis - Borradh Buan 2009
Féile chultúrtha do phobal Átha Cliath agus don cheantar máguaird is ea Borradh Buan. Leagtar béim ar an teanga agus ar chultúr na Gaeilge. Cuireann Axis ardán ar fáil do na complachtaí drámaíochta ar fad a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus é mar aidhm acu réimse imeachtaí a bheadh in oiriúint do leibhéil teanga eagsúla a chur ar siúl, mar shampla dóíbh siúd atá líofa agus dóibh siúd atá ar bheagán Gaeilge.

Reachtáladh Borradh Buan – mionfhéile na n-ealaíon – ón 12–24 Deireadh Fómhair 2009 san Axis don séú bliain as a chéile. Bhí tinreamh an-mhaith ar réimse leathan imeachtaí ar feadh coicíse – ócaidí ceoil, scéalaíochta,

Wicklow, Meath and Kildare. More than 2,000 people attended the events of the festival.

Branar Drámaíochta Teo
Branar is the only company on the island which operates solely through the medium of Irish and regularly attends schools. Due to the assistance of Foras na Gaeilge, Branar were able to hold 430 events throughout the year 2009 and these were attended by 25,550 in total. Among these were drama workshops in primary schools, secondary schools and third level institutions. They produced the two plays 'Na Síoga agus an Gréasaí' (The Fairies and the Cobbler) and 'An Seanfhear Beag' (The Little Old Man). They had a total audience of 11,804 while working with 2,428 secondary school pupils, 7,004 from primary schools, 384 third level students and 3,930 youth club members. With the assistance of the Foras, a Summer School was held in partnership with Graffiti. They also started Meitheal na mBeag which is an organisational aid to develop theatre through the medium of Irish for young children.

Fíbín
Fíbín is a puppet company which performs plays through the medium of Irish around the country. They set themselves the task of promoting a positive attitude to the Irish language, especially among students who are studying literature. They have an opportunity to set aside the limitations of the classroom and get a wider understanding of these works in a forum that is humourous and enjoyable.

The following events were successful during 2009:

- The 'An Cearrbhach Mac Cába') tour;
- The 'An Rón Dall' tour;
- The 'An Triail' tour;
- A drama workshop with Paul Mercier;
- The Raidió na nÓg Web Site.

12,229 people attended "An Cearrbhach Mac Cába" over a 12 week period until the beginning of April. Throughout the Summer, 'An Rón Dall' went to 30 different centres throughout the country between schools and festivals such as Galway Arts Festival, Skibereen Arts Festival, Music SXW Fest and Wales. Of course, 'An Triail' was very suitable for the 7,353 pupils and their teachers who saw it over a 7 week period in November and December 2009. Altogether 56 people were employed for the tour. In December, Paul Mercier held a four day workshop based on a new drama for 12 actors. Fíbín was also funded to adapt Raidió na nÓg's Web site, a programme which is aimed at primary school pupils between the ages of nine and twelve.

Graffiti Theatre Company
Graffiti Theatre Company believes that children from Irish Language schools have the right to receive a T.I.E. (theatre in education) service through the medium of Irish. The T.I.E. project believes that experience of the theatre stimulates learning and it is in very great demand especially with the promotion of drama in the New Primary School Curriculum. Graffiti as Gaeilge (Graffiti in Irish) is the only company in their own area (Munster) which provides this service through the medium of Irish. Graffiti as Gaeilge had a special birthday in 2009 when they were ten years in existence. Bairbre de Barra's 'Is Iomaí Slí' was produced anew, a beautiful play which addresses differences and relationships through the medium of a story which is clever and funny. Graffiti went on tour to Irish medium schools and Gaeltacht schools in Munster and South Leinster in May and June. A celebratory occasion was held in the Graffiti Theatre on 29 June at which their friends and the local children were present. After the special morning

cleasaíochta, rince, puipéad agus ceardlanna ealaíne san áireamh. Tháinig scoileanna ó Bhaile Munna, ó cheantair eile i mBaile Átha Cliath agus ó thrí chontae eile, Cill Mhantáin, An Mhí agus Cill Dara. D'fhreastail breis is 2000 duine ar imeachtaí na féile.

Branar Drámaíochta Teo

Is é Branar an t-aon chomplacht ar an oileáin a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge amháin agus a dhéanann freastal rialta ar scoileanna. Trí chabhair a fháil ó Fhoras na Gaeilge d'éirigh le Branar 430 imeacht a chur ar siúl i rith na bliana 2009 agus ba é 25,550 an tinreamh iomlán a bhí orthusan. Ina measc siúd bhí ceardlanna drámaíochta i mbunscoileanna, meánscoileanna agus in institiúid triú leibhéil. Léirigh siad an dá dhráma 'Na Síóga agus an Gréasaí' agus 'An Seanfhear Beag'. Bhí lucht féachana 11,804 ar fad acu agus iad ag obair le 2,428 daltaí meánscoile, 7,004 ó bhunscoileanna, 384 daltaí tríú léibhéil agus le 3,930 ball clubanna óige. Arís le cabhair ón bhForas tharla Scoil Samhraidh i gcomhpháirt le Graffiti. Chuir siad tús freisin le Meitheal na mBeag atá mar áis eagrais chun forbairt a dhéanamh ar théatar trí mheán na Gaeilge do pháistí óga.

Fíbín

Is comhlacht puipéad é Fíbín a chuireann drámaí trí mheán na Ghaeilge ar siúl timpeall na tíre. Cuireann siad rompu dearcadh dearfach a chothú i leith na Gaeilge go háirithe i measc mac léinn atá i mbun staidéar ar an litríocht. Bíonn deis acu srianta an tseomra ranga a chaitheamh uathu agus tuiscint níos leithne a fháil ar na saothair seo i bhfóram atá greannmhar agus taitneamhach.

Le linn 2009 bhí rath ar na himeachtaí mar a leanas: Camchuairt 'An Chearrbhach Mac Cába; Camchuairt 'An Rón Dall'
Camchuairt 'An Triail'
Ceardlann drámaíochta le Paul Mercier
Suíomh Gréasáin Raidió na nÓg.

D'fhreastail 12,229 ar 'An Cearrbhach Mac Cába' ar feadh 12 sheachtain go tús Mí Aibreáin. I rith an tSamhraidh d'imigh 'An Rón Dall' chuig 30 ionaid éagsúla ar fud na tíre idir scoileanna agus féilte ar nós Galway Arts Festival, Skibereen Arts Festival, Music SXW Fest agus an Bhreatain Bheag. Ar ndóigh bhí 'An Triail' an-oiriúnach don 7,353 dhalta agus dá gcuid múinteoirí ó cheann ceann na tíre a chonaic an dráma thar thréimhse 7 seachtaine Mí na Samhna agus Mí na Nollag 2009. Bhí 56 dhuine ar fad fostaithe don chamchuairt. I Mí na Nollag rinne Paul Mercier ceardlann ceithre lá a bhí bunaithe ar dhráma nua do 12 aisteoir. Maoiníodh Fíbín freisin chun athchóiriú a dhéanamh ar an suíomh Gréasáin atá ag Raidió na nÓg, clár atá dírithe ar dhaltaí bunscoile idir a naoi agus dhá bhliain déag d'aois.

Graffiti Theatre Company

Creideann Graffiti Theatre Company go bhfuil sé de cheart ag páistí a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáththeanga scoile acu séirbhís T.I.E. (drámaíocht san oideachas) a fháil trí mheán na Gaeilge. Taithí amharclainne a spreagann foghlaim is ea an tionscadal T.I.E. agus tá an-éileamh go deo air go háirithe le teacht chun cinn na drámaíochta sa Churaclam Nua Bunscoile. Is é Graffiti as Gaeilge an t-aon chomplacht amháin ina gceantar féin (Cúige Mumhan) a chuireann an tseirbhís seo ar fáil trí mheán na Gaeilge. Bhí breithlá speisialta ag Graffiti as Gaeilge i 2009 agus iad deich mbliana ar an bhfód.

Léiríodh as an nua 'Is Iomaí Slí' le Bairbre de Barra, dráma álainn a thugann aghaidh ar dhifríochtaí agus ar chaidreamh trí mhéan scéil atá cliste agus greannmhar. Chuaigh Graffiti ar chamchuairt go dtí gaelscoileanna agus scoileanna sa Ghaeltacht i gCúige Mumhain agus i nDeisceart Laighin Mí Bealtaine agus Mí an Mheithimh. Bhí ócaid cheiliúrtha in Amharclann

production a strategic meeting took place to discuss the future of Irish language educational theatre.
It was from that meeting that Meitheal na mBeag grew, an umbrella group and new organisational aid for artists and educationalists who deal with the theatre in the Irish language. It is anticipated that Meitheal na mBeag will be developed in the future. The third Summer School for teachers was held in July in partnership with Branar Drama. The aim of this course is to promote the drama skills that primary school teachers have, so that the drama curriculum may be taught through the medium of Irish. A very devoted group continued their work during the year and they will be coming together regularly throughout the year to prepare new workshops. In November, Branar Drama came on a visit to the Graffiti Theatre in Cork with their production of 'An Seanfhear Beag.' In the meantime they will be preparing a new production which will be performed for schools in the Spring.

Splódar
The production and tour of the play 'Ag Claí na Muice Duibhe' (At The Black Pig's Dyke) by Vincent Woods, sponsored by Foras na Gaeilge. The play was performed in theatres throughout the country from Donegal to Dublin.

April / May 2009: a period of translation (Translator and producer: Proinnsíos Ó Duigneáin)
May / June 2009: Recruitment of actors and stage staff
20 June – 17 July: Period of Rehearsal
18 – 31 July, Tour

a. 18 July, Errigal Festival, Crossroads (Falcarragh) Centre, Arranmore, County Donegal. Two productions.
b. 19 July, St. Mary's Hall, Glencolmcille, County Donegal.
c. Thursday, 23 July, Teachers' Centre, Parnell Square, Dublin.
d. 25 July, Mainistir na Búille (Boyle) Festival, County Roscommon
e. 30 /31 July, The Glens Centre, Cluainín (Manorhamilton), County Leitrim.

Festivals / Poetry Events

Alliance Francaise
The Franco-Irish Literary Festival is held to provide Irish readers with a better understanding of Irish and French literature. During 2009 the friendship which exists between Ireland and France was also celebrated, with discussions, conversation, book signings, interviews and reading available for both sides. Love and Death was their theme. Among the Irish language writers who took part in the festival were Dairena Ní Chinnéide and Eiléan Ní Chuilleanáin.

Armagh Harpers Association
At the 2009 Edward Bunting Harp Festival, the life and work of the famous 18th century collector and organist, Edward Bunting, were celebrated. Harp music and Irish songs were promoted through the holding of workshops, lectures and concerts at this event.

Artseka
A festival was held in Belfast to celebrate Celtic and Hindu culture. There are quite a few similarities between the festival of Samhain and the Hindu festival which is called Diwali. The festival succeeded in bringing these two cultures and the Belfast community together simultaneously. There were music and shows, food stands, workshops on the Irish language and other

Graffiti 29 Bealtaine mar a raibh a gcairde agus páistí na háite i láthair. Tar éis léiriú speisialta na maidine tharla cruinniú stráitéiseach chun todhchaí amharclann oideachasúil na Gaeilge a phlé.

As an gcruinniú sin a d'fhás an gréasán Meitheal na mBeag, scáthghrúpa agus áis eagras nua d'ealaíontóirí agus d'oideachasóirí a bhíonn ag plé leis an amharclann trí Ghaeilge. Táthar ag súil le forbairt a dhéanamh ar Mheitheal na mBeag sa todhchaí. Tharla an tríú Scoil Samhraidh do mhúinteoirí mí Iúil i gcomhpháirt le Branar Drámaíochta. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa seo na scileanna drámaíochta atá ag múinteoirí bunscoile a chothú, ionas gur féidir an curaclam drámaíochta a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Bhí grúpa an-díograiseach ag obair leo i mbliana agus beifear ag teacht le chéile i rith na bliana go rialta le ceardlanna nua a ullmhú. Mí na Samhna tháinig ár gcairde ó Bhranar Drámaíochta ar chuairt go hAmharclann Graffiti i gCorcaigh An Seanfhear Beag á léiriú acu. Idir an dá linn beidh léiriú nua á réiteach acu a dhéanfar do na scoileanna seo againne san Earrach. Tá siad ag súil go mór le bheith ag obair le dream níos óige arís an bhliain seo chugainn.

Splódar
Léirú agus camchuairt an dráma "Ag Claí na Muice Duibhe" (At the Black Pig's Dyke) le Vincent Woods, urraithe ag Foras na Gaeilge. Cuireadh an dráma ar siul in amharclanna ar fud na tíre ó Dhún na nGall go Baile Átha Cliath.

Aibreán/ Bealtaine 2009, tréimhse aistriúcháin (Aistritheoir agus léiritheoir: Proinnsíos Ó Duigneáin)
Bealtaine/Meitheamh 2009, Earcaíocht aisteoirí agus foireann staitse
20 Meitheamh-17 Iúil, Tréimhse Cleachtaithe.
18-31 Iúil, Camchuairt.

a. 18 Iúil, Féile Earagail, Ionad an Chrois Bhealaigh, Árainn Mhór, Co. Dún na nGall. Dhá léiriú.
b. 19 Iúil, Halla Muire, Gleann Cholm Cille, Co Dún na nGall.
c. Déardaoin, 23 Iúil, Ionad na Múinteoirí, Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath.
d. 25 Iúil, Féile Mhainistir na Búille, Co. Ros Comáin
e. 30/31 Iúil, Ionad na nGleannta, Cluainín, Co. Liatroma.

Féilte/Éigsí

Alliance Francaise
Cuirtear an Franco-Irish Literary Festival ar siúl chun tuiscint níos fearr ar litríocht na hÉireann agus na Fraince a thabhairt do léitheoirí na hÉireann. Le linn 2009 rinneadh ceiliúradh freisin ar an gcairdeas a mhaireann idir Éire agus an Fhrainc agus bhí díospóireachtaí, caint, sínithe leabhar, agallaimh agus léitheoireacht ar fail don dá thaobh. Grá agus Bás an téama a bhí acu. I measc na scríbhneoirí Gaeilge a bhí páirteach sa bhféile bhí Dairena Ní Chinnéide agus Eiléan Ní Chuilleanáin.

Armagh Harper's Association
Ag an Edward Bunting Harp Festival 2009 rinneadh ceiliúradh ar bheatha agus ar shaothar an bhailitheora agus orgánaí cáiliúil ón 18ú haois, Edward Bunting. Ag an bhféile seo cuireadh bailiúchán ceol cláirsí agus amhrán Gaeilge chun cinn trí cheardlanna, léachtaí agus ceolchoirmeacha a chur ar siúl.

minority languages as well as storytelling, both in the Irish Language and in Indian, at Belfast City Hall.

Baboró International Children's Art Festival
Many Irish language events were held during the Baboró Children's Arts Festival in Galway in 2009. Baboró had a wonderful Festival this year with more than 12,000 people, both children, teachers and parents, attending the arts shows. Theatre, puppet, opera, dance and circus productions took place, along with arts exhibitions, workshops, readings by authors, concerts and street theatre by the Macnas company. Sites throughout the city were used, and there was something going on in every space which was available.

More than 80 delegates, between artists, teachers, parents and practitioners, were present on the Friday and Saturday when the Natural Born Artists conference was held. The theme was 'The Arts for little children.' Martin Drury from the Arts Council and the psychologist David Coleman spoke. A workshop for teachers, debates and a plenary session were also held.

Bláthanna (An Gaeláras Teo)
Events which promoted the arts and Irish culture were held. The aim of this project is to promote the revival of the Irish language outside the classroom, to provide a social and leisure context so that Irish speakers will be able to use the language extensively.

Children's Hope
Drama workshops in Irish were held in Dún Laoghaire – Rathdown for schoolchildren from a disadvantaged background. A show was produced in the Pavillion Theatre. Children's Hope worked with 3 groups among children between 10 and 12 years of age. As a result of that work, the children succeeded in making a bilingual film entitled 'Ár Saol' / 'Our Lives.' They went on a trip to Waterford Institute of Technology where the film was put on the internet with people all over the world watching it.
Branar Teo did an interactive show with children between 7 and 9 years of age, which gave the children confidence in their own Irish. Altogether over 200 children benefited from the project.

Kerry County Council
In co-operation with Kerry County Council, Foras na Gaeilge announced a Special Sponsorship Scheme for Festivals again during 2009 to encourage the use of Irish at festivals throughout the county, whereby Irish would be to the fore in Gaeltacht Festivals and that there would be an Irish language event at festivals outside the Gaeltacht, as well as some Irish in publicity material.

The festivals which received sponsorship in 2009 were:

Éigse 2009, The Blasket Foundation – Dún Chaoin
The May Festival – Iarthar Dhuibhneach
The Lughnasa Festival – Clochán Bhréanainn
The Leith-Triúigh Artists' Festival – Leith-Triúigh
Borradh an Fhómhair – Uibh Ráthach
Celtic Festival – Cahirciveen
Killarney Summerfest – Killarney
Samhlaíocht Chiarraí – Trá Lí (Tralee)
Fleadh Cheoil Chiarraí –Milltown
The Culchie Festival – an Com, Corca Duibhne

Kilkenny Celtic Festival
The Celtic Festival was a great success again this year. 'Cúirt an Mheán Oíche' (The Midnight Court) which was staged in Roth House, produced by

Artseka
Reachtáladh féile i mBéal Feirste chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcultúr Ceilteach agus ar an gcultúr Hiondúch. Tá go leor cosúlachtaí ann idir féile na Samhna agus an fhéile Hiondúch ar a dtugtar Diwali. D'éirigh leis an bhféile an dá chultúr seo agus an pobal i mBéal Feirste i gcoitinne a thabhairt le chéile. Bhí ceol agus seónna ann, seastáin bhia, ceardlanna ar an nGaeilge agus ar mhionteangacha eile maraon le scéalaíocht idir Ghaelach agus Indiach i Halla na cathrach, Béal Feirste.

Baboró International Children's Arts Festival
Cuireadh go leor imeachtaí Gaeilge ar siúl le linn Féile Ealaíon na bPáistí, Babaró i nGaillimh i 2009. Bhí Féile íontach ag Baboró i mbliana agus níos mó ná 12,000 idir pháistí, múinteoirí agus tuismitheoirí ag freastal ar na seónna ealaíona. Tharla léirithe amharclainne, puipéad, ceoldráma, damhsa agus sorcas, taispeántais ealaíon, ceardlanna, léamha ag údair, ceolchoirmeacha agus téatar sráide ag an gcomhlacht Macnas. Baineadh úsáid as láithreacha tríd an gcathair, agus rud éigin ar siúl i ngach aon spás a bhí ar fáil.

Bhí breis is 80 toscaire i láthair ar an Aoine agus an Satharn idir ealaíontóirí, mhúinteoirí, thuismitheoirí agus chleachtóirí nuair a tionóladh comhdháil Natural Born Artists. Ba é 'Na hEalaíona do pháistí beaga' an téama. Labhair Martin Drury ón gChomairle Ealaíon agus an síceolaí David Coleman. Reáchtáladh ceardlann do mhúinteoirí, díospóireachtaí agus seisiún iomlánach chomh maith.

Bláthanna (An Gaeláras Teo)
Eagraíodh imeachtaí a chuir na healaíona agus cultúr na Gaeilge chun cinn. Tá sé mar aidhm ag an togra seo athbheochan na Gaeilge a chur chun cinn lasmuigh den seomra ranga, comhthéacs sóisialta agus fóillíochta a chur ar fáil le go mbeadh Gaeilgeoirí in ann an teanga a úsáid go fairsing.

Children's Hope
Reáchtáladh ceardlanna drámaiochta as Gaeilge i nDún Laoghaire agus i Ráth an Dúin do pháistí scoile ó chúlra faoi mhíbhuntáiste. Cuireadh seó ar an stáitse sa Pavillion Theatre. D'oibrigh Children's Hope le 3 ghrúpa i measc páistí a bhí idir 10-12 bhliain d'aois. De thoradh na hoibre sin, d'éirigh leis na páistí scannán dátheangach a dhéanamh dár teideal 'Ár Saol'/'Our Lives'. D'imigh siad ar thuras chuig Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, áit ar cuireadh an scannán ar an idirlíon agus daoine ar fud an domhain ag breathnú air.
Rinne Branar Teo seó idirghníomhach leis na páistí idir 7-9 bliain, rud a thug muinín dóibh as a gcuid Gaeilge.
Ar an iomlán bhain breis is 200 páiste leas as an tionscadal.

Comhairle Contae Chiarraí
D'fhógair Foras na Gaeilge, i gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí, Scéim Urraíochta Speisialta d'Fhéilte arís le linn 2009 chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc féilte ar fud an chontae. Is é sin le rá go mbeadh an Ghaeilge chun tosaigh i bhFéilte Gaeltachta agus go mbeadh ócáid Gaeilge i bhféilte lasmuigh den Ghaeltacht chomh maith le blaiseadh den Ghaeilge san ábhar bolscaireachta.

Is iad seo na féilte ar bronnadh urraíocht orthu i 2009:

Éigse 2009, Fondúireacht an Bhlascaoid – Dún Chaoin
Féile na Bealtaine – Iarthar Dhuibhneach
Féile Lughnasa – Clochán Bhréanainn
Féile Ealaíontóirí Leith-Triúigh – Leith-Triúigh

Seán Tyrell, enjoyed great success. Irish classes were provided for both the local community and visitors. An internet site was also developed with an Irish language feature as a central part.

Immrama: The Lismore Festival of Travel Writing
The Immrama Festival which deals with travel writing was held on 11-14 June 2009 in Lismore, County Waterford. The occasion was a wonderful success and thousands of people came to Lismore over the weekend. It is estimated that there were around 5,000 visitors to the town for the Festival.

On the morning of Friday June 12th poetry workshops in both languages were held under the direction of Áine Uí Fhoghlú, award-winning Irish language poet. Primary school children from fifth and sixth classes from Ballyduff, Lismore and Cappoquin (65 altogether) took part in these workshops. The students were learning about using Irish in writing poetry. From reports from both children and teachers, it appears that this work was considered very satisfactory.

For the first time this year, there was an event at lunch time on the Saturday at which the mountaineer and broadcaster, Dermot Somers, spoke. He gave a very interesting bilingual talk which was illustrated with his own images from various places, including Nepal.

Puball
Since the Puball company was set up to provide entertainment in Irish for 'The Electric Picnic' their name is to the fore and the company's organising ability is being sought for three other festivals this year. As a central part of the St Patrick's Gaelspraoi Festival the Irish Language Puball will be creating a fine Gaelic clamour at the heart of Merrion Square. As part of the Junction Festival in Clonmel, Puball will be running the Gaelic Cafe for nine days. Puball has been asked to provide entertainment for a festival which will be held around the ancestral home of the Percival Family in Sligo.

An Puball Gaeilge at the Electric Picnic 2009
Puball succeeded in providing enjoyable and interesting events for the hosts for three days. Acts such as Hector, Rónán Mac Aodh Bhuí, Diarmaid de Faoite, Sibéal Davitt, Tristan Rosenstock, Púca Puppets, Brannar, Fanzini Brothers, Fiach, Bubba Shakspere, Ophelia, Kathy Jordan from Dervish, Rónán Ó Snodaigh from Kíla and Manachán Mangan produced their work on Puball's stage.
Raidió na Life took part, recording everything and broadcasting live from the tent.
A video company were present for the weekend and a one hour programme was made for TG4.

IMRAM
This Irish language literature festival was held again in 2009 with support from Foras na Gaeilge through Clár na Leabhar Gaeilge. There was a wide range of events in the festival, which includes prose, poetry and music so that Irish speakers throughout the country could come together and that publishers and Irish language authors would have an opportunity to highlight their works. This festival gave a very important platform to Irish language writing and writers. IMRAM is also a publicity mechanism and a great effort was made to present authors to the media and to promote a positive attitude towards them, which is urgently needed.

IMRAM 2009 had an ambitious and eclectic programme. Books were launched and the authors read extracts, writing workshops, events in the schools, discussions, public interviews, films and musical events, both rock,

Borradh an Fhómhair – Uíbh Ráthach Celtic Festival – Cathair Saidhbhín
Killarney Summerfest – Cill Airne Samhlaíocht Chiarraí – Trá Lí
Fleadh Cheoil Chiarraí – Baile an Mhuilinn
The Culchie Festival – An Com, Corca Duibhne

Féile Cheilteach Chill Chainnigh
D'éirigh go hiontach leis an bhFéile Cheilteach arís i mbliana. Bhí an-ráchairt ar 'Cúirt an Mheán Oíche' a bhí ar stáitse i dTeach Roth, léirithe ag Seán Tyrell. Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon. Forbraiodh suíomh idirlín freisin a raibh gné as Gaeilge mar chuid lárnach de.

Immrama: The Lismore Festival of Travel Writing
Bhí Féile Immrama a bhíonn ag plé le scríbhneoireacht ar chúrsaí taistil ar siúl ón 11-14 Meitheamh 2009 i Lios Mór, Co Phort Láirge. D'éirigh go hiontach leis an ócáid agus tháinig na mílte daoine go Lios Mór thar an deireadh seachtaine. Meastar thart ar 5,000 cuairteoir a bheith ar an mbaile don Fhéile.

Maidin Dé hAoine 12 Meitheamh reachtáladh ceardlanna filíochta sa dá theanga faoi chúram Áine Uí Fhoghlú, file Gaeilge a bhfuil go leor duaiseanna buaite aici. Ghlac páistí bunscoile ranganna a cuig agus a sé ón mBaile Dubh, Lios Mór agus ó Cheapach Choinn (65 acu ar fad) páirt sna ceardlanna seo. Bhí na scoláirí ag foghlaim faoin nGaeilge a úsaid i scríobh na filíochta. Dealraíonn sé go rabhthas an-shásta leis an obair seo, de réir tuairiscí ó pháistí agus ó mhuinteoirí araon.

Don chéad uair i mbliana bhí ócaid am lóín ar an Satharn nuair a labhair an sléibhteoir agus an craoltóir Dermot Somers. Thug sé caint dhátheangach a bhí an-suimiúil agus í léirithe lena chuid íomhánna féin ó áiteanna éagsúla, an Neipeal san áireamh.

Puball
Ó bunaíodh an comhlacht Puball chun siamsaíocht Gaeilge a sholáthar don Féile mhór 'The Electric Picnic' tá an t-ainm in airde agus tóir ar chumas eagraíochta an chomhlachta ag trí fhéile eile i mbliana. Mar chuid lárnach de Ghaelspraoi Féile Phádraig beidh an Puball Gaeilge ag cruthú gleo breá Gaelach i gceartlár Chearnóg Mhuirfean. Mar chuid den Junction Festival i gCluain Meala beidh an Caifé Gaelach ar siúl ag Puball go ceann naoi lá. Iarradh ar Phuball siamsaíocht a sholáthar ag féile a bheidh ar siúl thart ar theach mór Clann Percival i Sligeach.

An Puball Gaeilge @ the Electric Picnic 2009
D'éirigh le Puball imeachtaí suimiúla agus taitneamhacha a choimeád ar siúl dos na sluaite a bhí sa tóir orthu ar feadh trí lá. Rinne leithéídí Hector, Rónán Mac Aodh Bhuí, Diarmuid De Faoite, Sibéal Davitt, Tristan Rosenstock, Púca Puppets, Brannar, Fanzini Brothers, Fiach, Bubba Shakspere, Ophelia, Cathy Jordan as Dervish, Rónán Ó Snodaigh as Kíla agus Manachán Mangan a gcuid saothair leiriú ar stáitse Puball. Bhí Raidió na Life páirteach ann ag taifead an uile ní agus agus craoladh beo ar siúl ón bpuball. Bhí comhlacht físe ar an láthair don deireadh seachtaine agus rinneadh clár uair a chloig do TG4.

IMRAM
Reachtáladh an fhéile litríochta Gaeilge seo arís i 2009 le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge trí Chlár na Leabhar Gaeilge. Bhí réimse leathan imeachtaí san fhéile a chuimsíonn prós, filíocht agus ceol ionas go mbeadh teacht le chéile ag na cainteoirí Gaeilge ar fud na tíre agus go mbeadh deis ag foilsitheoirí agus údair na Gaeilge a gcuid saothar a chur i lár an aonaigh. Thug an fhéile seo árdán iontach tábhachtach do scríbhneoireacht agus do scríbhneoirí na Gaeilge. Meicníocht phoiblíochta atá in IMRAM chomh maith agus rinneadh

traditional music and experimental jazz, took place. Among the events were Éigse Beo, from which there would be five radio programmes on R.T.É., the Dylan Project and Lions in Captivity, works of major Russian poets translated into Irish and English. Those two items were recorded for broadcast on R.T.É. radio.

